# AN tSEIRBHÍS EORPACH GNÍOMHAÍOCHTA SEACHTRAÍ

## CINNEADH Ó ARDIONADAÍ AN AONTAIS DO GHNÓTHAÍ EACHTRACHA AGUS DON BHEARTAS SLÁNDÁLA

**an 29 Márta 2022**

**lena leasaítear ADMIN(2017) 10 an 19 Meán Fómhair 2017 maidir le rialacha slándála don tSeirbhís Eorpach Gníomhaíochta Seachtraí**

(2022/C 238/07)

TÁ ARDIONADAÍ AN AONTAIS DO GHNÓTHAÍ EACHTRACHA AGUS DON BHEARTAS SLÁNDÁLA,

Ag féachaint do Chinneadh 2010/427/AE ón gComhairle an 26 Iúil 2010 lena mbunaítear eagrúchán agus feidhmiú na Seirbhíse Eorpaí Gníomhaíochta Seachtraí (“SEGS”) ([1]),

Ag féachaint don tuairim ón gCoiste dá dtagraítear in Airteagal 15 den Chinneadh ón Ardionadaí an 19 Meán Fómhair 2017 maidir leis na rialacha slándála don tSeirbhís Eorpach ([2]), agus go háirithe míreanna 4 agus 5 de,

De bharr an mhéid seo a leanas:

(1) I bhFoscríbhinn B a ghabhann le Cinneadh 2013/2017/AE ón Ardionadaí, tá tábla coibhéise maidir le haicmiúcháin slándála,

(2) Tá fógra tugtha ag an bhFrainc do SEGS maidir le hathruithe ar a haicmiúcháin slándála. Leis na hathruithe sin, tugtar isteach dhá mharcáil nua aicmiúcháin le héifeacht ón 1 Iúil 2021: “TRÈS SECRET” agus “SECRET”. Maidir le faisnéis arna giniúint ag an bhFrainc roimh an 1 Iúil 2021 agus a aicmíodh mar “TRÈS SECRET DÉFENSE”, “SECRET DÉFENSE” nó “CONFIDENTIEL DÉFENSE”, ba cheart leanúint dá láimhseáil agus dá cosaint ar an leibhéal coibhéiseach “TRÈS SECRET UE/EU TOP SECRET”, “SECRET UE/EU SECRET” nó “CONFIDENTIEL UE/EU CONFIDENTIAL” faoi seach.

(3) Tháinig deireadh an 31 Nollaig 2020 leis an idirthréimhse dá bhforáiltear in Airteagal 126 den Chomhaontú maidir le Ríocht Aontaithe na Breataine Móire agus Thuaisceart Éireann a bheith ag tarraingt siar as an Aontas Eorpach agus as an gComhphobal Eorpach do Fhuinneamh Adamhach (“Comhaontú um Tharraingt Siar”).

(4) Thug an tSualainn fógra maidir le teacht i bhfeidhm, an 1 Aibreán 2019, an Achta um Shlándáil Chosantach (2018:585), lena leasaítear scéim aicmiúcháin na Sualainne.

(5) Is gá Cinneadh ADMIN(2017) 10 a leasú chun na hathruithe sin a chur san áireamh

TAR ÉIS CINNEADH MAR A LEANAS:

*Airteagal 1*

An téacs atá in Iarscríbhinn I a ghabhann leis an gCinneadh seo, cuirtear é in ionad Fhoscríbhinn B de Chinneadh ADMIN(2017) 10.

*Airteagal 2*

Tiocfaidh an Cinneadh i bhfeidhm an lá tar éis lá a shínithe.

---

([1]) IO L 201, 03.8.2010, lch. 30.
([2]) IO C 126, 10.4.2018, lch. 1.

Arna dhéanamh sa Bhruiséil, 29 Márta 2022.

Josep BORRELL FONTELLES
*Ardionadaí an Aontais*
*do Ghnóthaí Eachtracha agus don Bheartas Slándála*

*IARSCRÍBHINN I*

*Foscríbhinn B*

**Coibhéis na n-aicmiúchán slándála**

| EU | TRES SECRET UE/EU TOP SECRET | SECRET UE/EU SECRET | CONFIDENTIEL UE/EU CONFIDENTIAL | RESTREINT UE/EU RESTRICTED |
|---|---|---|---|---|
| EURATOM | EURA TOP SECRET | EURA SECRET | EURA CONFIDENTIAL | EURA RESTRICTED |
| An Bheilg | Très Secret (Loi 11.12.1998)<br>Zeer Geheim (Wet 11.12.1998) | Secret (Loi 11.12.1998)<br>Geheim (Wet 11.12.1998) | Confidentiel (Loi 11.12.1998)<br>Vertrouwelijk (Wet 11.12.1998) | Nóta ([1]) thíos |
| An Bhulgáir | Строго секретно | Секретно | Поверително | За служебно ползване |
| Poblacht na Seice | Přísně tajné | Tajné | Důvěrné | Vyhrazené |
| An Danmhairg | YDERST HEMMELIGT | HEMMELIGT | FORTROLIGT | TIL TJENESTEBRUG |
| An Ghearmáin | STRENG GEHEIM | GEHEIM | VS ([2]) — VERTRAULICH | VS — NUR FÜR DEN DIENSTGEBRAUCH |
| An Eastóin | Täiesti salajane | Salajane | Konfidentsiaalne | Piiratud |
| Éire | Top Secret | Secret | Confidential | Restricted |
| An Ghréig | Άκρως Απόρρητο<br>Giorrúchán: ΑΑΠ | Απόρρητο<br>Giorrúchán: (ΑΠ) | Εμπιστευτικό<br>Giorrúchán: (ΕΜ) | Περιορισμένης Χρήσης<br>Giorrúchán: (ΠΧ) |
| An Spáinn | SECRETO | RESERVADO | CONFIDENCIAL | DIFUSIÓN LIMITADA |
| An Fhrainc | TRÈS SECRET<br>TRÈS SECRET DÉFENSE ([3]) | SECRET<br>SECRET DÉFENSE ([3]) | CONFIDENTIEL DÉFENSE ([3])· ([4]) | Nóta ([5]) thíos |
| An Chróit | VRLO TAJNO | TAJNO | POVJERLJIVO | OGRANIČENO |
| An Iodáil | Segretissimo | Segreto | Riservatissimo | Riservato |
| An Chipir | Άκρως Απόρρητο<br>Giorrúchán: (ΑΑΠ) | Απόρρητο<br>Giorrúchán: (ΑΠ) | Εμπιστευτικό<br>Giorrúchán: (ΕΜ) | Περιορισμένης Χρήσης<br>Giorrúchán: (ΠΧ) |
| An Laitvia | Sevišķi slepeni | Slepeni | Konfidenciāli | Dienesta vajadzībām |
| An Liotuáin | Visiškai slaptai | Slaptai | Konfidencialiai | Riboto naudojimo |
| Lucsamburg | Très Secret Lux | Secret Lux | Confidentiel Lux | Restreint Lux |
| An Ungáir | "Szigorúan titkos!" | "Titkos!" | "Bizalmas!" | "Korlátozott terjesztésű!" |
| Málta | L-Ogħla Segretezza<br>Top Secret | Sigriet<br>Secret | Kunfidenzjali<br>Confidential | Ristrett<br>Restricted ([6]) |

| EU | TRES SECRET UE/EU TOP SECRET | SECRET UE/EU SECRET | CONFIDENTIEL UE/EU CONFIDENTIAL | RESTREINT UE/EU RESTRICTED |
|---|---|---|---|---|
| EURATOM | EURA TOP SECRET | EURA SECRET | EURA CONFIDENTIAL | EURA RESTRICTED |
| An Ísiltír | Stg. ZEER GEHEIM | Stg. GEHEIM | Stg. CONFIDENTIEEL | Dep. VERTROUWELIJK |
| An Ostair | Streng Geheim | Geheim | Vertraulich | Eingeschränkt |
| An Pholainn | Ściśle Tajne | Tajne | Poufne | Zastrzeżone |
| An Phortaingéil | Muito Secreto | Secreto | Confidencial | Reservado |
| An Rómáin | Strict secret de importanță deosebită | Strict secret | Secret | Secret de serviciu |
| An tSlóivéin | STROGO TAJNO | TAJNO | ZAUPNO | INTERNO |
| An tSlóvaic | Prísne tajné | Tajné | Dôverné | Vyhradené |
| An Fhionlainn | ERITTÄIN SALAINEN YTTERST HEMLIG | SALAINEN HEMLIG | LUOTTAMUKSELLI-NEN KONFIDENTIELL | KÄYTTÖ RAJOITETTU BEGRÄNSAD TILLGÅNG |
| An tSualainn | Kvalificerat hemlig | Hemlig | Konfidentiell | Begränsat hemlig |

([1]) Ní aicmiúchán slándála é “Diffusion Restreinte/Beperkte Verspreiding” sa Bheilg. Bíonn faisnéis “RESTREINT UE/EU RESTRICTED” á láimhseáil agus á cosaint ag an mBeilg ar dhóigh atá chomh docht leis na caighdeáin agus na nósanna imeachta a dtugtar tuairisc orthu i rialacha slándála Chomhairle an Aontais Eorpaigh.

([2]) An Ghearmáin: VS = Verschlusssache.

([3]) Maidir le faisnéis arna giniúint ag an bhFrainc roimh an 1 Iúil 2021 agus a aicmítear mar “TRÈS SECRET DÉFENSE”, “SECRET DÉFENSE” agus “CONFIDENTIEL DÉFENSE”, táthar á láimhseáil agus á cosaint ar an leibhéal coibhéiseach “TRÈS SECRET UE/EU TOP SECRET”, “SECRET UE/EU SECRET” agus “CONFIDENTIEL UE/EU CONFIDENTIAL” faoi seach.

([4]) Déanann an Fhrainc faisnéis “CONFIDENTIEL UE/EU CONFIDENTIAL” a láimhseáil agus a chosaint i gcomhréir leis na bearta slándála de chuid na Fraince lena gcosnaítear faisnéis a aicmítear mar “SECRET”.

([5]) Ní úsáideann an Fhrainc an t-aicmiúchán “RESTREINT” ina córas náisiúnta. Bíonn faisnéis “RESTREINT UE/EU RESTRICTED” á láimhseáil agus á cosaint ag an bhFrainc ar dhóigh atá chomh docht leis na caighdeáin agus na nósanna imeachta a dtugtar tuairisc orthu i rialacha slándála Chomhairle an Aontais Eorpaigh.

([6]) I gcás Mhálta, is féidir an leagan Máltaise nó Béarla a mhalartú le chéile.